# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2011**


# EALAÍN

## Cumadóireacht Shamhlaíoch agus Ábhar Neamhbheo

### Gnáthleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín.

**3 – 13 Bealtaine Maidin 9.30 – 12.00**

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt d'iarrthóirí **Dé hAoine, 8 Aibreán**

**Treoracha**

Tá cead agat oibriú le dath, monacróm, meáin mheasctha, colláis, nó meán oiriúnach ar bith eile. Níl cead olaphéinteanna ná ábhar orgánach meatach a úsáid, áfach. Níl cead agat áiseanna mar stionsail, teimpléid, íomhánna rianaithe, obair ealaíne réamhullmhaithe ná íomhánna fótagrafaíochta a thabhairt isteach sa scrúdú.

Scríobh do Scrúduimhir go soiléir sa spás atá ann di ar do bhileog A2. Scríobh an teideal – 'Cumadóireacht Shamhlaíoch' nó 'Ábhar Neamhbheo' – díreach faoi do Scrúduimhir.

Más mian leat oibriú ar bhileog dhaite, **ní mór don fheitheoir an bhileog sin a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú** á dheimhniú go bhfuil sí glan. Uasmhéid na bileoige: A2.

## Roghnaigh ceann amháin díobh seo a leanas:

1. Déan **Cumadóireacht Shamhlaíoch** bunaithe ar cheann amháin de na sleachta tuairisciúla A, B, C, D, E. **Ba chóir duit an pointe tosaigh agus an bunús atá le do Chumadóireacht Shamhlaíoch a lua ar chúl na bileoige líníochta agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl.**

2. Déan **Cumadóireacht Ábhar Neamhbheo** bunaithe ar fhoireann nithe a bhfuil tuairisc orthu i gceann de na sleachta tuairisciúla A, B, C, D, E, nó a mheabhraíonn na sleachta sin duit. Ní mór duit nithe ábhartha a thabhairt chuig an ionad scrúdaithe chun go mbeidh ar do chumas **do chumadóireacht ábhar neamhbheo féin** a leagan amach. **Ní mór é seo a dhéanamh go tráthúil, roimh thús an scrúdaithe.** Ní mór duit an pointe tosaigh agus an bunús atá le do Chumadóireacht Ábhar Neamhbheo a lua ar chúl na bileoige líníochta agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl.

3. Déan **Cumadóireacht Theibí** bunaithe ar smaoineamh a spreagfaidh ceann de na sleachta tuairisciúla A, B, C, D, E, ionat nó a fhorbróidh tú ó cheann de na sleachta tuairisciúla sin. **Ba chóir an pointe tosaigh agus an bunús atá leis an gcumadóireacht theibí a lua ar chúl na bileoige líníochta agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl**. Luaigh go soiléir cé acu 1 – Cumadóireacht Shamhlaíoch, nó 2 – Ábhar Neamhbheo, atá i do Chumadóireacht Theibí.

# Sleachta Tuairisciúla

## Sliocht A

Cloistear clingeadh meidhreach cloigíní agus gleo seasmhach mar a bheadh timpeall ar fhuirseoir cúirte. Tá dathanna beoga bladhmannacha ríoga le feiceáil gach áit. Tá plód mór daoine ar na sráideanna – daoine de gach cuma, de gach cruth, iad ag gáire, ag guailleáil, ag bulcáil, ag sá rompu; fir, mná agus páistí, a nós iompair féin ag gach duine acu, iad ar fad éagsúil lena chéile, mangarae de shlua daoine nach bhfacthas a leithéid bailithe ina aon áit amháin ó aimsir Thúr Bháibil.

Seo é Carnabhal New Orleans; lá geal, Dé Máirt, i mí Feabhra agus an t-aer lán d'ózón a chuireann beocht iontach ionat. Tá na foirgnimh feistithe i ndathanna gléigeala: corcra ríoga agus buí órga, bratacha náisiúnta, stiallbhratacha agus maisiúcháin atá mar a bheidís ag gáire faoi ghlinniúint na gréine a thiontaíonn gach rud ina ór, mar a rinne an rí Midas fadó. Tá brútam fuirseoirí agus lucht aghaidhe fidil ar na sráideanna, fir ghrinn agus daoine gléasta mar Jim Crow, cailíní bailé agus Mephistónna, Indiaigh agus moncaithe; cloistear splancacha tobanna de cheol fiáin, tá tóstail dhrithleacha ann is tóstail ghreannmhara, agus capaill le cloigíní agus cleití orthu; aisling atá ann lán le dathanna, le séiseanna ceoil, agus le fantaisíocht imithe fiáin, í ceaptha i mbolgán álainn broidearnúil a bhogann thart is a athraíonn mar a bheadh cailéideascóp ann; cuireann sé mearú ar an té a bhíonn ag breathnú air.

Síos Sráid Bourbon agus ar Shráid Toulouse is ar Shráid St Peter tá áiteanna beaga aisteacha seanfhaiseanta ina gcuirfear bréagriocht ort ar airgead beag. Is ann a chuaigh Flo de chos éadrom, an Mephisto dea-chruthach mar threoraí aici, agus foireann jacaithe agus cailíní bailé mar gharda timpeall uirthi. Isteach i gceann de na siopaí ba shuaraí agus ab ísle síleáil agus ab ársa cuma a chuaigh siad.

"Bréagriocht don demoiselle," arsa Mephisto leis an mbean a bhí ina seasamh os a gcomhair. Seanbhean bheag fheosaí a bhí inti, gialla buí flabaide uirthi, muineál mar a bheadh ar ailigéadar, agus gruaig dhíreach gheal-liath uirthi a sheas amach óna cloigeann ar bhealach dochreidte díreach.

Arna chóiriú as '*A Carnival Jangle*' le Alice Dunbar

## Sliocht B

Tig le duine radhairc bhreátha a fháil ar na haillte de shean-ghaineamhchloch rua a shíneann feadh an cheann tíre. Aillte stróicthe scealptha iad de bharr thuargaint na farraige. Tá titim roinnt céadta troigh ó bharr na haille go dtí na lomáin bhriste charraige ag a bun. Tá na lomáin sin le feiceáil feadh an chósta uile. I rith an tsamhraidh bíonn plód móra falcóg, forachan, agus crosán ar na

carraigeacha sin, agus an corr-phuifín. Éin farraige iad sin sa chiall cheart den fhocal; caitheann siad an chuid is mó dá saol ar bharr an dtonn, amuigh ar an domhain.

Ar do bhealach go dtí rinn na leithinse, tiocfaidh tú ar loch fionnuisce eile, Loch an Chinn, ar thaobh na láimhe deise. Ina dhiaidh sin téann an cosán mar seo is mar siúd i measc na gcarraigeacha agus tagann sé faoi dheireadh go dtí teach solais pictiúrtha atá crochta go priaclach os cionn na n-aillte ar dheis.

Ag rinn na leithinse féin, tá céimeanna agus ráillí síos go dtí an teach solais. Is iad na comhlachtaí ola a thóg an teach solais sna 1960dí chun cabhrú leis na tancaeir mhóra teacht isteach is amach tríd an mbá.

San earrach nó san fhómhar d'fhéadfadh sé go mbeadh an t-ádh leat is go bhfeicfeá céiticigh mar tá cósta thiar na hÉireann ar imeall bealach mór imirce. Feictear scoileanna díobh go rialta: deilfeanna, muca mara, droimeitigh, droimeitigh bheaga, caisealóidí, píolótaigh, an míol mór dronnach, an chráin dhubh.

Arna chóiriú as *West Cork Walks* le Kevin Corcoran

## Sliocht C

Is breá leis na Spáinnigh glasraí; is breá sin. Ná bíodh aon amhras ort faoi sin. Feicfidh tú lucht siopadóireachta ag an margadh ag taighde bachlóga Bruiséile, ag fáisceadh puimcíní, ag muirniú cóilise. Ceannóidh siad na dosaenacha ubhthorthaí agus ansin imeoidh siad leo abhaile go scodalach chun berenjenas salteadas (ubhthorthaí sótáilte) a dhéanamh. Is éard a dhéanann siad le brocailí é a ghalstobhadh agus a leasú le gairleog agus le hola. Déanfaidh siad mias le pónairí glasa agus nuair a bhlaisfidh tú í ligfidh tú osna trua dóibh siúd nach mblaisfidh go deo í.

Is féidir réim bia a bheith agat a bhfuil go leor glasraí agus torthaí ann, ach in amanna is gá an iarracht a dhéanamh. Cuardaigh agus gheobhaidh tú dóthain de mhaitheasaí an ghairdín a choinneoidh comair agus aclaí tú. I measc na nglasraí is rogha linne tá na hoinniúin. Gheobhaidh tú gach áit iad. Tá siad chomh séimh agus chomh milis sin gur beag nach féidir iad a ithe mar a bheadh úlla ann. Sa Mercado Central in Cádiz bí ag faire amach do thrátaí féithleoige, iad milis agus fíorbhlasta. Splanc léargais a bheidh ann duit más amhlaidh nár bhlais tú riamh ach na cinn thionsclaíocha sin a dtugtar 'trátaí' orthu sna hollmhargaí. Tá cáil ar an Spáinn as a cuid oráistí, ar ndóigh. Faigh mála díobh in Sevilla agus blais go húr iad. Bain úsáid astu in Sangria nó cuir á mbruith le lacha iad, sin mias shainiúil de chuid na háite.

Arna chóiriú as '*Where Cork Cooks Stock Up*' le Nicholas Fox Webber

## Sliocht D

Bhí éide ar fhoireann Zephyr: bróga báid de chuid Vans a bhí a bheag nó a mhór cosúil le chéile agus t-léinte gorma a raibh ainm na foirne trasna orthu. Mar sin féin bhí cuma cineál fiáin ar an na Z-Boys, mar ab fhearr aithne orthu ina dhiaidh sin. Bhí a mbróga stróicthe agus slíobtha, ná ní raibh aon phócaí cúil ar a gcuid jíons, sin an toradh a bhíonn air má dhéanann tú sleamhnú íseal ar luas. "Bhí ár gcuid gruaige chomh fada sin agus chomh puirtleogach sin gur bhaineamar ar fad na bobanna dínn dhá orlach os cionn na súl," arsa Alva. "Bhreathnaigh muid funcaí, thar a bheith funcaí." Ní hamháin sin, ach bhí mustar orthu, stiúir fhorránach na sráide fúthu. "Bhíomar cineál crua ag breathnú agus dlúth le chéile chomh fada is a bhain sé le haon duine a bheadh ag iarraidh dul in iomaíocht linn," ar seisean. "Chuireamar as do dhaoine, fiú amháin sula ndeachamar ag scátáil ina gcoinne ar chor ar bith."

Sa chéad mhír sa chomórtas, na réamhbhabhtaí saorstíle, bhí dhá nóiméad ag na hiomaitheoirí le dul i gcion ar an bpainéal moltóirí trí úsáid a bhaint as na scileanna clárscátála ba chruthaithí a bhí acu. Is beag athrú a bhí tagtha ar an tsaorstíl ag an am sin, ach í bunaithe ar chleasanna: bhíodh na hiomaitheoirí ag imeacht timpeall i gciorcail fhoirfe agus na rothaí cúil san aer, ag seasamh ar a lámha ar an gclár ansin, nó ag déanamh oiread castaí 360 céim agus ab fhéidir leo.

Sháigh Adams chun tosaigh go láidir trasna an ardáin a cuireadh suas i gcomhair na hócáide, bhailigh sé luas go tapa, ag gearradh roimhe ó thaobh go taobh le cur leis an móiminteam ar aghaidh. Nuair a tháinig sé gar d'imeall thall an ardáin, chuir sé gúnga air féin, chuaigh sé síos níos ísle ná mar a chonaic an chuid is mó de lucht an phainéil aon duine ag déanamh riamh ar chlár scátála.

Thosaigh an slua ag béiceach nuair a tháinig Adams níos gaire d'imeall an ardáin – bhí an chuma air go raibh sé chun scinneadh amach ón ardán ar fad. Ach ansin d'ísligh sé a cholainn níos mó, tharraing go láidir agus go han-tapa agus chas thart. Ba chuid den chleas é go raibh a cholainn sínte amach ar fad ag ainliú cúpla orlach os cionn an ardáin, a lámh dheas sínte amach ar mhaithe le cothromaíocht agus a bhos chlé leagtha ar an ardán mar a bheadh maighdeog. Le prapadh na súl, bhí sé casta thart 180 céim agus tosaithe ag imeacht sa treo eile, níos tapa go fiú ná mar a bhí sé sula ndearna sé an casadh. Ar éigean a chreid an lucht féachana sna seastáin a raibh feicthe acu agus thosaigh siad ag béicíl in airde a gcinn is a ngutha. "D'imigh na daoine óga fiáin uile, as a meabhair ar fad. Ní raibh an cineál sin luais ná an cineál sin stiúrach feicthe riamh cheana acu."

Arna chóiriú as '*The Lords of Dogtown*' le G. Beato

## Sliocht E

Shleamhnaigh na bailte beaga tharainn. Stopamar ag gach ceann acu. Idir na bailte, bhí móinteáin, portaigh, locha beaga, agus ballaí ísle cloiche. Gach uair a stopamar sna stáisiúin, bhí plód daoine ar an ardán a tháinig chun breathnú ar an traein ag dul tharstu; ba é teacht le chéile mór an lae é don chuid is mó acu.

Tar éis dúinn dul thar an tSionainn, d'athraigh dreach na tíre, agus bhí cumraíochtaí doiléire ceocha gorma na sléibhte á nochtadh féin ar imeall na spéire. Rith mé ó thaobh amháin den charráiste go dtí an taobh eile (bhí sé folamh faoin am seo) le breathnú ar an tír nua strainséartha seo ag síneadh amach i dtreo na farraige. Bhí oiread sceitimíní orm is a bheadh ar bhuachaill scoile, agus bhí mothú aisteach orm gur ag filleadh abhaile a bhí mé seachas ag a bheith ag dul ar eachtra go tír strainséartha.

I ndiaidh Chathair na Mart, d'athraigh dreach na tíre go tobann: cnoic loma chlochacha, na garraithe níos lú agus níos mó cloch scaipthe orthu, agus na sléibhte gorma ar an taobh eile de na fásaigh cloiche agus fraoich. San iarthar a bhí an t-oileán, é lom gan aon chrann air, an áit ar chónaigh mé, den chuid is mó, ar feadh beagnach seacht mbliana.

Arna chóiriú as *'An Irish Portrait'* le Paul Henry

**Leathanach Bán**

# Leathanach Bán

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2011**

# EALAÍN

Gréaschóiriú

Gnáthleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín.

**3 – 13 Bealtaine** **Maidin 9.30 – 12.00**

Tá an páipéar seo le tabhairt d'iarrthóirí **Dé hAoine, 8 Aibreán**

**Treoracha**

Tá cead agat do bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin (níl ach **bileog amháin** ceadaithe) a thabhairt isteach go dtí an scrúdú mar chúnamh duit i bpróiseas forbartha do dhearaidh. Ní mór do do mhúinteoir ealaíne nó don phríomhoide an bhileog seo a shíniú agus dáta a chur léi **sula dtosaíonn** an scrúdú á dheimhniú gurb é do chuid oibre féin gan chúnamh atá ann.

Tá cead agat cibé meáin agus uirlisí ealaíne atá oiriúnach a úsáid chun riachtanais an scrúdaithe a chomhlíonadh, e.g. pinn luaidhe, péint, páipéir dhaite, cárta, páipéar rianaithe, ábhair do cholláis nó do mheáin mheasctha, rialóir, T-bhacart, scian, siosúr, gliú, etc.

**Níl cead** agat obair ealaíne réamhullmhaithe ná obair ealaíne atá réidh le húsáid a thabhairt isteach sa scrúdú d'fhonn iad a chóipeáil nó a úsáid i do mholadh dearaidh deireanach.

Ní cheadaítear ábhair mheatacha orgánacha a úsáid.

Scríobh do scrúduimhir agus an leibhéal ar gach bileog.

Scríobh uimhir na ceiste atá roghnaithe agat agus an teideal a ghabhann léi ar gach bileog.

## Céim 1: Bileog de Sceitsí Ullmhúcháin (TAIGHDE)

Ba chóir an bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin a dhéanamh roimh an scrúdú agus ba chóir do chuid **taighde** a bheith ann. Is é is cóir a bheith ann ná rogha de léirthuiscintí pearsanta agus de smaointe a ndearna tú taighde orthu a bhaineann leis an gceist a roghnaigh tú. Tá cead agat nótaí a chur le do chuid oibre. Ná bíodh do chuid oibre ach ar thaobh amháin den bhileog A2. Má úsáideann tú colláis, íomhánna a gearradh amach, fótagraif nó íomhánna rianaithe, ní mór gach saghas oibre dá leithéid **a ghreamú go cothrom** de do bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin.

## Céim 2: Bileog Réamhsceitsí (FORBAIRT) **(20 marc)**

Cuireann tú do bhileog A2 de réamhsceitsí i gcrích le linn an scrúdaithe. Bileog **fhorbartha** atá anseo inar chóir na smaointe atá agat ar do bhileog de sceitsí ullmhúcháin **a iniúchadh**. Ba chóir go mbreithneofá gach gné den dearadh 2T nó 3T de réir mar a oireann siad don cheist atá roghnaithe agat agus fianaise a bheith ann ar fhorbairt shuntasach bhreise ar na smaointe seo. Tá cead agat sceitsí a bhfuil nótaí leo a úsáid chun forbairt do chuid smaointe a léiriú. Ní mór duit do chuid oibre a dhéanamh go glan díreach ar an mbileog A2 agus gan ach sceitsí amháin a úsáid, iad daite más mian leat. Caillfear marcanna má dhéanann tú cóip dhíreach ón mbileog de sceitsí ullmhúcháin. Ná bíodh do chuid oibre ach ar thaobh amháin den bhileog A2.

## Céim 3: Moladh Dearaidh Deireanach **(80 marc)**

Is le linn an scrúdaithe a chuirtear do mholadh dearaidh deireanach i gcrích. Ba chóir duit eolas ar bith a mheasann tú a bheith riachtanach chun do mholadh dearaidh deireanach a chur in iúl, a chur san áireamh agus tagairt ar leith a dhéanamh do ghnéithe amhairc, feidhmiúla agus ábhartha na ceiste a roghnaigh tú, seachas d'aird a dhíriú go hiomlán ar shaothar ealaíne a chur ar fáil a bhfuil bailchríoch den scoth air.

***Ag deireadh an scrúdaithe tabharfar clúdach bán duit a mbeidh ort iad seo a leanas a chur ann:***

Do bhileog A2 de **Sceitsí Ullmhúcháin**

Do bhileog A2 de **Réamhsceitsí**

Do **Mholadh Dearaidh Deireanach**

# Sleachta Tuairisciúla

## Sliocht A

Sa bhliain 2009 thosaigh níos mó is níos mó daoine ar fud na tíre ag fás a gcuid féin. 'Grow your own' an Béarla a tugadh ar an bhfeiniméan sin. Anseo ar Castlefarm thóg breis agus 30 duine garraithe scóir ar cíos lena saothrú ar bhonn orgánach. An bhliain seo caite chuaigh mé ar an gcéad chruinniú GIY i mBaile Átha Í, is é sin cruinniú dóibh siúd atá ag iarraidh a gcuid féin a fhás. D'fhoghlaim mise an cheird mé féin agus ní imíonn lá nach mbím ag foghlaim níos mó. Déanaim go leor botún agus is minic tubaistí agam ach cuireann sé iontas orm an méid a éiríonn liom a dhéanamh agus an méid eolais a phiocaim suas. Bhí mé an-bhródúil, anuraidh, as an bpuimcín imchnó a d'fhás mé gan trácht ar an bhfinéal blasta. Oinniúin agus gairleog na rudaí is éasca a fhás, is dócha, agus is iad is úsáidí mar go n-úsáidim iad beagnach gach lá.

Anois agus mé ag fás glasraí a bhíonn ar díol sa siopa feirme atá againn, is minic na custaiméirí agus lucht na ngarraithe scóir ag iarraidh comhairle orm. Ní saineolaí ar bith mise. An chomhairle is fearr a d'fhéadfainn a thabhairt ná tosú ar scála beag. Tosaigh le bláthbhosca luibheanna san fhuinneog, fiú amháin. Tá an phleanáil an-tábhachtach; ná ceannaigh slám mór de phaicéid síolta nach n-osclóidh tú. Fás na glasraí is maith leat a ithe. Bliain amháin chuir mé paicéad iomlán de shíolta cáil rábaigh. Bhí barr iontach agam. Tá blas ar an gcál rábach beagán mar atá ar an raidis agus is féidir é a ithe amh nó bruite. D'úsáidfinn ceann gach mí, seans, mar sin bhí an 200 a d'éirigh liom a fhás iomarcach ar fad. Is iad na cearca a d'ith an chuid is mó de sa deireadh agus d'fhoghlaim mise gurb iad na rudaí is mó a ithimid is fearr a fhás.

Tá glasraí á bhfás ar Castlefarm leis na glúnta. Mar a chéile le go leor tithe feirme in Éirinn, bhí ceapóg biabhóige riamh ann, agus úllord. D'fhásadh seantuismitheoirí Pheter an chuid is mó de na glasraí a d'itheadh an teaghlach. San am atá thart d'fhásadh tuismitheoirí Pheter, John agus Sheila, cabáistí chomh maith le glasraí traidisiúnta eile agus dhíolaidís iad. Nuair a tháinig mise chun cónaí in Castlefarm, an chéad rud a rinne mé iarraidh ar athair m'fhear céile ceapach beag a threabhadh ionas go bhféadfainn glasraí a fhás. Tá curtha leis an gceapach sin ó shin de réir mar atá mise tar éis cur le mo chuid eolais agus le mo chuid muiníne.
Arna chur in oiriúint as *Food and Wine Magazine* le Jenny Young, Eanáir/Feabhra 2010

## Sliocht B

Féile mhór don teaghlach é an Summerfest. Beidh sé ar siúl ó 26 Iúil go 1 Lúnasa. I rith an lae beidh seans ann eolas a chur ar áilleacht iontach Chill Airne agus páirt a ghlacadh in imeachtaí amuigh faoin aer, gach rud ó ailleadóireacht don teaghlach go cadhcáil. Tig leis na páistí a bheith cruthaitheach sna ceardlanna ealaíne agus ceardaíochta agus sna campaí samhraidh nó páirt a ghlacadh i bPicnic na mBéiríní nó an Teddy Bears' Picnic!

Sna tráthnónta lasfar na soilse geala agus beidh sráideanna Chill Airne beo. Cuirfidh an fhéile spraoi seo, Funfest Chill Airne, beocht i lár an bhaile: beidh pocaireacht nó abhlóireacht éigin ar gach cúinne sráide; bainfidh gach duine sult as na siamsóirí sráide, na cluichí teaghlaigh, na drámaí puipéad agus na seónna draíochta. Cuirfidh na coirmeacha ceoil, na bannaí máirseála agus fuaimeanna an samba gach duine ag damhsa.
Arna chur in oiriúint as *Discover Ireland 2011*, Fáilte Ireland, Eagrán an tSamhraidh

## Sliocht C

Tharraing Lisbeth Salander a spéaclaí gréine anuas ionas go raibh siad ina luí ar bharr a sróine. Bhreathnaigh sí amach go camshúileach faoi imeall a hata gréine. Chonaic sí an bhean ó sheomra 32 ag teacht amach taobhdhoras an óstáin agus ag siúl go dtí ceann de na *chaises-longues* stríocacha glas agus bán ar imeall na linne snámha. Bhí sí ag stánadh anuas ar an talamh agus siúl stamrógach go maith fúithi de réir cosúlachta.

Is ó i bhfad a chonaic Salander cheana í. Dar léi go raibh sí thart ar thríocha cúig bliain d'aois, ach ón gcuma a bhí uirthi d'fhéadfadh sí a bheith rud ar bith idir fiche cúig agus caoga. Bhí gruaig dhonn go guaillí uirthi, aghaidh ubhchruthach, agus colainn a tháinig díreach amach as catalóg phostdíola i gcomhair fo-éadaí ban. Bhí bicíní dubh uirthi, cuaráin, agus spéaclaí gréine a raibh imir chorcra sa ghloine iontu. Bhí canúint dheisceart Mheiriceá aici. Leag sí hata gréine buí in aice leis an *chaise-longue* agus sméid ar an mbuachaill taobh thiar den chuntar ag beár Ella Carmichael.

Leag Salander a leabhar ar a glúin agus bhain súimín as an gcaife fuaraithe. Ansin rug sí ar a bosca toitíní. Gan a cloigeann a chasadh sa treo sin, thosaigh sí ag breathnú ar fhíor na spéire. Ar éigean má bhí Muir Chairib le feiceáil idir an mothar crann pailme agus na ródaideandróin a bhí ar aghaidh an óstáin. Bhí luamh ag déanamh a bhealaigh ó thuaidh i dtreo St Lucia nó Doiminice. Amuigh ar an domhain chonaic sí an imlíne de lastlong liath ag dul ó dheas i dtreo na Guáine. Bhí briota gaoithe ann a mhaolaigh teas na maidine. Mar sin féin d'airigh sí braon allais ag sileadh anuas ar mhala a súile. Níor thaitin bolg le grian rómhór le Salander. Faoi scáth a chaitheadh sí a cuid laethanta oiread agus ab fhéidir léi. Anois féin is faoi scáthbhrat an *terrace* a bhí sí. Ach fós bhí sí chomh donn leis an gcnó coill. Bhí briste gearr caicí á chaitheamh aici agus barr dubh.

D'éist sí le ceol aduain na ndrumaí cruach a bhí ag teacht amach as na callairí ag an mbeár. Ní raibh sí in ann an difear idir Sven-Ingvars agus Nick Cave a aithint, ach bhí sí faoi dhraíocht ag na drumaí cruach. B'éacht ann féin é bairille ola a chur i dtiúin, gan trácht ar ceol a bhaint as a bhí éagsúil le haon rud eile ar domhan. Draíocht a bhí sna fuaimeanna sin, dar léi.
Arna chur in oiriúint as *The Girl who Played with Fire* le Steig Larsson

**Déan dearadh do cheann amháin de na ceardaíochtaí seo a leanas:**

## 1. Litreoireacht agus Peannaireacht

Déan dearadh do cheann díobh seo a leanas:

(a) Cuireadh chuig cruinniú den GIY Association, is é sin cumann do na daoine a fhásann a gcuid glasraí féin, bunaithe ar Shliocht A

(b) Comhartha a rianaíonn clár na n-imeachtaí i gcomhair Summerfest 2011, bunaithe ar Shliocht B

(c) Clár bia maisithe i gcomhair an chaife in aice leis an linn snámha, bunaithe ar Shliocht C.

Is féidir íomhánna agus móitífeanna maisithe a bheith ann. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

## 2. Líonóilghearradh agus Priontáil

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Léaráid bunaithe ar na glasraí a bhfuil cur síos orthu i Sliocht A

(b) Léaráid do chlúdach bróisiúir ag fógairt na gceardlann Ealaíne agus Ceardaíochta i Sliocht B

(c) Léaráid bunaithe ar na híomhánna i Sliocht C.

Ba chóir go mbeadh do dhearadh oiriúnach do phrionta a úsáideann **<u>trí dhath ar a mhéad</u>**. Cuir san áireamh na féidearthachtaí dearaidh a bhaineann le líne, cruth, contrárthacht agus uigeacht. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

## 3. Fabraicphriontáil agus Baitíc

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Éadach boird bunaithe ar na híomhánna i Sliocht A

(b) Athphatrún a bheadh oiriúnach d'fhabraic i gcomhair seomra leapa páiste, bunaithe ar na híomhánna i Sliocht B

(c) Taipéis bhalla nó athphatrún bunaithe ar na híomhánna i Sliocht C.

Ba chóir go mbeadh do dhearadh oiriúnach do bhlocphriontáil, do scáthlánphriontáil, do bhaitíc nó do phriontáil le stionsal. Úsáid dhá dhath ar a laghad i do dhearadh. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

## 4. Bróidnéireacht

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Suaitheantas bróidnithe i gcomhair an ghrúpa daoine a fhásann a gcuid féin a luaitear i Sliocht A

(b) Painéal bróidnithe bunaithe ar Phicnic na mBéiríní a luaitear i Sliocht B

(c) Dearadh bróidnithe a bheadh oiriúnach don hata gréine a luaitear i Sliocht C.

Ba chóir duit eolas a thabhairt faoi na hábhair a d'úsáidfeá chun do dhearadh a dhéanamh. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

## 5. Fíodóireacht

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Taipéis bhalla bunaithe ar na híomhánna i Sliocht A

(b) Painéal bunaithe ar an 'pocaireacht nó abhlóireacht' nó ar na siamsóirí sráide a luaitear i Sliocht B

(c) Ruga urláir bunaithe ar an suíomh ar chósta Mhuir Chairib a luaitear i Sliocht C.

Ba chóir sonraí na n-ábhar atá le húsáid a thabhairt i do dhearadh. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

## 6. Criadóireacht

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Babhla bunaithe ar Shliocht A

(b) Muga comórtha do Summerfest, bunaithe ar Shliocht B

(c) Losaid bunaithe ar Shliocht C.

Tabhair sonraí na dteicníochtaí atá le húsáid chun an píosa a dhéanamh. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

## 7. Puipéadacht

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Garraíodóir bunaithe ar Shliocht A

(b) Siamsóir sráide bunaithe ar Shliocht B

(c) Duine de lucht saoire bunaithe ar Shliocht C.

Is féidir do dhearadh a dhéanamh do phuipéad miotógach, do phuipéad slaite nó do phuipéad ar iall. Ba chóir duit an chaoi a ndéanfar an puipéad a léiriú, agus sonraí a thabhairt maidir le hábhair, dath, maisiúchán agus bailchríoch. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

## 8. Leabharcheardaíocht

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Fillteán le paicéid síolta a chur ann, bunaithe ar Shliocht A

(b) Comhad bosca chun eolas faoi laethanta saoire teaghlaigh i gCill Airne a choinneáil ann, bunaithe ar Shliocht B

(c) Albam i gcomhair grianghraf, bunaithe ar Shliocht C.

Is féidir cruth ar bith a bheith ar do dhearadh agus ní mór duit an chaoi a ndéanfar é a léiriú. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

## 9. Dearadh Fógraíochta

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Mála siopadóireachta páipéir ina gcuirfí na glasraí ón siopa feirme a luaitear i Sliocht A

(b) Bróisiúr ag fógairt 'Imeachtaí Amuigh faoin Aer', bunaithe ar Shliocht B

(c) Póstaer ag fógairt 'Saoire faoin ngrian', bunaithe ar Shliocht C.

Ní mór duit litreoireacht a úsáid. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

## 10. Múnlóireacht agus Snoíodóireacht

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Trófaí a bhronnfar ar Gharraíodóir Glasraí na Bliana, bunaithe ar Shliocht A

(b) Aghaidh fidil a chaithfidh duine de na siamsóirí sráide, bunaithe ar Shliocht B

(c) Dealbhóireacht saorsheasaimh a chuirfear ar an *terrace*, bunaithe ar Shliocht C.

Ba chóir go léireodh do dhearadh sonraí na n-ábhar agus na dteicníochtaí a d'úsáidfí chun an píosa a dhéanamh. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

## 11. Seiteanna Stáitse

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Stalla margaidh i gcomhair an tsiopa feirme, bunaithe ar Shliocht A

(b) Seit stáitse amuigh faoin aer a bheadh oiriúnach do cheolchoirmeacha sráide agus do léirithe, bunaithe ar Shliocht B

(c) Seit stáitse a bheadh oiriúnach do dhráma nó do cheoldráma suite ar chósta Mhuir Chairib, bunaithe ar Shliocht C.

Tabhair sonraí maidir le hábhair, dath agus maisíochtaí solais. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

Leathanach Bán

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2011**

# EALAÍN

Sceitseáil Bheo-Ábhair

Gnáthleibhéal

Tá 50 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 12.5% den mharc iomlán ar an Ealaín

**3 –13 Bealtaine** **Tráthnóna 2.00 – 3.00**

Tá an páipéar seo le tabhairt d'iarrthóirí **Dé hAoine, 8 Aibreán**

---

## Treoracha do Mhúinteoirí Ealaíne agus d'Fheitheoirí

Dhá sceitse den chuspa atá sa scrúdú. Staidiúir a mhairfidh cúig nóiméad déag atá sa chéad sceitse. Líníocht a mbeidh bailchríoch níos iomláine uirthi de staidiúir a mhairfidh timpeall tríocha nóiméad atá sa dara sceitse.

**Ní gá don chuspa éadaí ar leith a chaitheamh.**

**Tá na frapaí seo a leanas ag teastáil:**

- **mapa urláir don chéad staidiúir**
- **cathaoir don dara staidiúir.**

Beidh sé de chead ag an gcuspa idir deich agus cúig nóiméad déag a ghlacadh mar thréimhsí sosa le linn an scrúdaithe. Socrófar iad de réir mar a iarrtar. Cuirfear na tréimhsí sosa san áireamh san uair an chloig san iomlán atá ceadaithe don scrúdú.
Tá cead ag iarrthóirí leanúint orthu ag obair ar a gcuid líníochtaí le linn thréimhsí sosa an chuspa agus le linn an tsosa idir na staidiúirí.
Níl cead ag níos mó ná deichniúr a bheith le haon chuspa amháin agus iad i mbun líníochta. Más mian leo, tá cead ag iarrthóirí suí níos cóngaraí don chuspa le linn an dara staidiúir.

## Treoracha d'iarrthóirí

Iarrtar ort **dhá** líníocht a dhéanamh den chuspa mar seo a leanas:

(a) Staidiúir 15 nóiméad a bhfuil cur síos uirthi sa scrúdpháipéar seo a bheidh sa chéad cheann, **(a) An Chéad Staidiúir,** agus ní mór líníocht den fhíor iomlán a tharraingt.

(b) Líníocht a mbeidh bailchríoch níos iomláine uirthi den staidiúir a bhfuil cur síos uirthi sa scrúdpháipéar seo, a bheidh sa dara ceann, **(b) An Dara Staidiúir.**
30 nóiméad a mhairfidh an staidiúir. Tá cead agat an fhíor iomlán **nó** leathfhíor (an cloigeann agus na guaillí) a roghnú.
N.B. Má roghnaíonn tú an cloigeann agus na guaillí / an leathfhíor, meabhraítear duit **nach leor** an cloigeann agus an muineál amháin a tharraingt. Ní mór duit an staidiúir a tharraingt mar atá sí socraithe agus ar a laghad, an cloigeann, an muineál, na guaillí agus na géaga uachtair a bheith san áireamh.

- Ní mór duit an líníocht a tharraingt ó bheith ag breathnú go díreach ar an gcuspa.
- Tá cead agat leanúint ort ag obair ar do chuid líníochta le linn thréimhsí sosa an chuspa agus le linn an tsosa idir na staidiúirí.
- Méid an pháipéir: A2
- Más mian leat páipéar eile a úsáid seachas an páipéar a sholáthraítear, ní mór don fheitheoir an bhileog pháipéir sin a shíniú **sula dtosaíonn** an scrúdú á dheimhniú go bhfuil sí bán.
- Ní mór bileog ar leith a úsáid do gach staidiúir.
- Scríobh do scrúduimhir agus leibhéal an scrúdaithe go soiléir ar gach bileog líníochta.
- Tá cead agat aon mheán oiriúnach líníochta a úsáid, dath san áireamh. Ní mór don mheán a roghnaíonn tú triomú go tapa, áfach.
- Is féidir leat breacléiriú a thabhairt ar an gcúlra.
- **Ná déan** do shaothar críochnaithe **a bhearradh ná a fheistiú.**

## (a) An Chéad Staidiúir – Fad ama 15 nóiméad (20 marc)

***Tá an cuspa ina s(h)easamh agus***

- na cosa scartha óna chéile
- an chos dheas tiontaithe beagán ar dheis
- an chos chlé díreach ar aghaidh
- an aghaidh ag féachaint díreach chun tosaigh
- greim ag an dá lámh ar chos an mhapa, faoi chloigeann an mhapa, agus iad i bhfolach ag an gcloigeann
- cos an mhapa ar an urlár idir chosa an chuspa.

## (b) An Dara Staidiúir – Fad ama 30 nóiméad (30 marc)

***Tá an cuspa ina s(h)uí ceartdíreach ar chathaoir agus***

- na cosa go daingean ar an talamh agus dírithe chun tosaigh
- na sciatháin fillte trasna a (h)uchta
- na lámha ina (h)ascaillí
- an cloigeann ag féachaint beagán ar clé.

Leathanach Bán

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2011

# EALAÍN

## Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne

### Gnáthleibhéal

Tá 150 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 37.5% de na marcanna iomlána ar an Ealaín.

**Dé Déardaoin, 16 Meitheamh** **Tráthnóna, 2.00 – 4.30**

**Treoracha**

Freagair trí cheist mar seo a leanas: ceist amháin as Roinn I (An Ealaín in Éirinn), ceist amháin as Roinn II (Ealaín na hEorpa 1000AD – An Lá Inniu), agus ceist amháin as Roinn III (Léirthuiscint na hEalaíne).

Tá na ceisteanna uile ar cómharc (50).

Ba chóir sceitsí agus léaráidí a úsáid de réir mar is cuí chun do chuid pointí a léiriú.

Déan tagairt de réir mar is gá do na ***léaráidí atá ar an mbileog leis an bpáipéar seo***.

# ROINN I – An Ealaín in Éirinn

**1.** Tá tuama pasáiste ***léirithe ar an mbileog leis seo.***
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Ainmnigh an tuama pasáiste.
(b) Déan cur síos agus plé ar an maisiúchán ar an gcloch ag an mbealach isteach.
(c) Cén fheidhm a bhí ag an tuama pasáiste seo?
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**2.** Sampla de mhiotalóireacht réamh-Chríostaí is ea **Muince Bhrú Íochtair.**
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Cén fheidhm a bhí aici?
(b) Cén chaoi a ndearnadh í?
(c) Déan cur síos agus plé ar a cuid maisiúcháin.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**3.** Tá an leathanach as Leabhar Cheanannais ar a bhfuil **An Maighdean Mhuire agus Mac na hÓighe** ***léirithe ar an mbileog leis seo.***
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Déan cur síos agus plé ar na fíoracha ar an leathanach seo.
(b) Déan cur síos agus plé ar an maisiúchán teibí ar an leathanach seo.
(c) Tabhair roinnt eolais ghinearálta mar gheall ar Leabhar Cheanannais.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**4.** Sampla d'ailtireacht Sheoirseach is ea an **Casino i Marino.**
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Cé a dhear an foirgneamh seo?
(b) Déan cur síos agus plé ar a chuid ailtireachta.
(c) Déan cur síos mion ar ghné amháin dá chuid maisiúcháin.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**5.** Tá an **Radharc i bPáirc an Fhionnuisce** le Walter Osborne (1859-1903) ***léirithe ar an mbileog leis seo.***
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Cad is ábhar don phictiúr seo, dar leat?
(b) Déan cur síos ar úsáid datha(nna) agus solais sa phictiúr seo.
(c) Ainmnigh pictiúr fíorach amháin eile a ndearna tú staidéar air agus déan cur síos achomair air.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**6.** Tá an **an Gorta Mór** le Rowan Gillespie (b. 1953) ***léirithe ar an mbileog leis seo.***
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Conas a léiríonn an píosa dealbhóireachta seo an gorta?
(b) An gcabhraíonn an suíomh ina bhfuil sé lena ábhar a chur in iúl? Tabhair fáthanna le do fhreagra.
(c) Ainmnigh sampla amháin eile de phíosa dealbhóireachta poiblí a ndearna tú staidéar air agus déan cur síos achomair air.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**7.** Roghnaigh saothar le duine **amháin** de na healaíontóirí seo a leanas:
**Harry Clarke, Jack B. Yeats, Louis le Brocquy, Robert Ballagh, Pauline Bewick.**
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Ainmnigh an saothar.
(b) Déan cur síos agus plé ar an saothar atá roghnaithe agat faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar/téama
- comhdhéanamh
- comhábhair agus teicníochtaí.

(c) Tabhair roinnt eolais ghinearálta mar gheall ar an ealaíontóir atá roghnaithe agat.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

## ROINN II – Ealaín na hEorpa (1000AD – An Lá Inniu)

**8.** Freagair (a) agus (b).
(a) Déan cur síos agus plé ar an ailtireacht d'ardeaglais Ghotach a ndearna tú staidéar uirthi faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ainm
- plean iomlán
- an taobh amuigh
- an taobh istigh.

(b) Déan cur síos achomair ar shampla de phíosa dealbhóireachta Gotaí nó de ghloine dhaite Ghotach a ndearna tú staidéar air/uirthi.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**9.** Tá **Primavera** le Botticelli (1444-1510) ***léirithe ar an mbileog leis seo.***
Freagair (a) agus (b).
(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh
- meán
- dath(anna).

(b) Ainmnigh saothar amháin eile le Botticelli agus déan cur síos achomair air.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**10.** Tá **Maighdean na gCarraigeacha** le Leonardo da Vinci (1452-1519) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.

Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar seo faoi na ceannteidil seo a leanas:

- ábhar
- comhdhéanamh
- datha(nna)
- peirspictíocht.

(b) Ainmnigh saothar amháin eile le Leonardo da Vinci agus déan cur síos air.

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**11.** Roghnaigh ceann **amháin** de na saothair seo a leanas agus freagair (a) agus (b):

- **Máire Mhaigdiléana** le Donatello (1386-1466)
- **Airgead na Cánach** le Masaccio (1401-1428)
- **Na hAmbasadóirí** le Hans Holbein (1497/8-1543)
- **Imprisean d'Éirí na Gréine ar Maidin** le Claude Monet (1840-1926)
- **Dianseasmhacht na Cuimhne** le Salvador Dali (1904-1989).

(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar a roghnaigh tú faoi na ceannteidil seo a leanas:

- ábhar
- comhdhéanamh agus stíl
- meán
- dath(anna)/solas.

(b) Tabhair roinnt eolais ghinearálta faoin ealaíontóir.

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**12.** Tá **An Rang Damhsa** le Edgar Degas (1834-1917) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.

Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar seo faoi na ceannteidil seo a leanas:

- ábhar
- comhdhéanamh agus stíl
- meán
- dath(anna).

(b) Ainmnigh saothar eile le Degas agus déan cur síos air.

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**13.** Tá **An Fhís tar éis na Seanmóra** le Paul Gauguin (1848-1903) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.

Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an bpictiúr seo faoi na ceannteidil seo a leanas:

- ábhar
- comhdhéanamh agus stíl
- meán
- dath(anna).

(b) Tabhair roinnt eolais ghinearálta faoi Paul Gauguin.

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**14.** Roghnaigh saothar ar bith le Henri Matisse (1869-1954) a ndearna tú staidéar air.
Freagair (a) agus (b).

(a) Ainmnigh an saothar atá roghnaithe agat.

(b) Déan cur síos agus plé ar an saothar atá roghnaithe agat faoi na ceannteidil seo a leanas:

- ábhar
- comhdhéanamh agus stíl
- meán
- dath(anna)/solas

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

## ROINN III – Léirthuiscint na hEalaíne

**15.** Freagair (a) agus (b).

(a) Ainmnigh gailearaí **nó** músaem **nó** ionad ceardaíochta ar thug tú cuairt air le déanaí agus déan cur síos agus plé ar thaispeántán amháin go mion.

(b) Cad iad na háiseanna dar leat ba chóir do gach gailearaí, músaem agus ionad ceardaíochta a chur ar fáil le go mbeidh an chuairt taitneamhach agus lán eolais?

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**16.** Freagair (a) and (b).

(a) Cad iad na gnéithe a chuirfeá san áireamh agus leagan amach, fearastú agus maisiú seomra codlata do dhéagóir á phleanáil agat?

(b) Tabhair fáthanna le do rogha agus cuir sceitse san áireamh chun an dearadh atá molta agat a thaispeáint. Bain úsáid as na ceannteidil seo a leanas:

- leagan amach
- troscán
- dath(anna)
- solas.

**17.** Freagair (a) agus (b).

(a) Déan plé ar na gnéithe dearaidh a chruthaíonn clúdach maith do CD nó DVD.
Bain úsáid as na ceannteidil seo a leanas:

- comhdhéanamh
- íomhánna
- dath(anna)
- litreoireacht.

(b) Tarraing sceitse de shampla de chlúdach atá deartha go maith dar leat agus tabhair fáthanna le do rogha.

**18.** Freagair (a) agus (b).

Tá uaireadóirí ar fáil i raon leathan stíleanna. Is féidir leo a bheith praiticiúil agus feidhmiúil chomh maith le bheith ina n-oiriúint faisin.

(a) Déan cur síos agus plé ar thréithe uaireadóra atá deartha go maith, faoi na ceannteidil seo a leanas:
- bunábhair
- cruth
- stíl
- feidhm.

(b) Tarraing sceitse d'uaireadóir atá deartha go maith, dar leat, agus tabhair fáthanna le do rogha.

**19**. Freagair (a) agus (b).

Tá an spás oscailte ***atá léirithe ar an mbileog leis seo*** le forbairt mar pháirc don phobal áitiúil.

(a) Déan cur síos ar do smaointe agus tarraing sceitse díobh do dhearadh iomlán na páirce seo. Ní mór na háiseanna seo a leanas a bheith san áireamh:
- áit súgartha do pháistí
- páirc chlárscátála
- láthair picnicí
- cosáin siúlóide/bogshodair.

(b) Déan plé ar na dálaí slándála agus sábháilteachta atá le cur san áireamh i ndearadh na páirce seo.

**20.** Is cineál fógraíochta lasmuigh é clár fógraí a oibríonn cosúil le póstaer ach ar scála i bhfad níos mó.

Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé faoi na ceannteidil seo a leanas ar shaintréithe clár fógraí atá deartha go maith:
- dath(anna)
- scála
- íomhánna
- litreoireacht.

(b) Tarraing sceitse de chlár fógraí atá éifeachtach, dar leat, agus tabhair fáthanna le do rogha.

**21.** Freagair (a) agus (b)

Iarradh ar do rang ealaíne cúlra a dhearadh do sheó faisin chun airgead a bhailiú do do scoil.

(a) Cad iad na dálaí ealaíne atá tábhachtach agus cúlra mar seo á dhearadh agat?

(b) Tarraing sceitse de do dhearadh agus déan plé ar an bhfáth a gceapann tú go bhfuil sé oiriúnach.

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán